Sochraid Eithne Kenny

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoi shochraid Eithne Kenny. Sula bhféachann tú ar an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt.

Cérbh í Eithne Kenny?

An bhfuil aon eolas agat fúithi?

Cén t-ainm atá ar a mac?

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír, déan iarracht na téarmaí thíos a aimsiú.

Buried _____

Funeral _____

Overflowing _____

Heritage _____

Experience _____

Opinion _____

Ceremony _____

Grandchildren/family _____

Graveyard clay _____

Roots _____

Ceist 3 Anois féach ar an mír agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt:

1. Cé mhéad deartháireacha atá ag Enda Kenny?
2. Ainmnigh iad.
3. Cá raibh an searmanas?
4. Cén t-eolas breise a thugtar dúinn faoi Ghleann Cholm Cille i dTír Chonaill?
5. Cén post a bhí ag a fear?
6. Cén paróiste inár cuireadh Eithne?

Ceist 4 **a**. Cén gné den ghramadach atá i gceist leis na focail thíos atá tógtha ón mír?

'Máthair an Taoisigh,

Aifreann na sochraide,

Le linn an tsearmanais,

I measc an tslua mhóir'

b. Déan iarracht na lúibíní thíos a bhaint:

1. (ag ól)(beoir)
2. (ag déanamh)(an obair)
3. (ag soláthar)(an bia)
4. (ag ionsaí)(an fear)
5. (ag briseadh)(an fhuinneog)

Ceist 5 **a**. Déan iarracht leaganacha cainte eile a fháil leis an mbrí céanna leo seo:

- Ag cur thar maoil
- Bhí tír agus talamh ann
- Anuas ar
- Níor thug sí a cúl riamh dá dúchas
- Mil ar a croí

b. *'agus a thriúr deartháir…'*

'agus a ceathrar deirfiúr…'

Cad dó a thagraíonn an 'a' sna habairtí thuas?

c. Cén phearsa atá i gceist le *'cuireadh'* ?

d. Déan iarracht na habairtí thíos a aistriú.

1. Seán drank his drink

2. They ate their dinner

3. The plate was left out (An briathar 'fág' ag tús na habairte)

4. My plate is empty.

5. Máire lost her toys.

Ceist 6 Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

'Ba cheart bac a chur ar na meáin ag sochraidí'

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice leat.

Ceist 2

Buried _____ **Adhlacadh/Cuireadh**

Funeral _____ **Sochraid**

Overflowing _____ **Ag cur thar maoil**

Heritage _____ **Dúchas**

Experience _____ **Cleachtadh**

Opinion _____ **Tuairim/Barúil**

Ceremony _____ **Searmanas**

Grandchildren/family _____ **Garchlann**

Graveyard clay _____ **Cré na cille**

Roots _____ **Rútaí/Fréamhacha**

Ceist 3

1. Tá triúr dearthaireacha ag Enda Kenny.
2. John, Henry agus Kieran atá orthu.
3. Caisleán an Bharraigh
4. Is ceantar Gaeltachta í Gleann Cholmcille
5. Teachta Dála a bhí ina fear céile.
6. Cuireadh Eithne i bparóiste Oileán Éadaí

Ceist 4

a. An Ginideach uatha atá i gceist.

b. 1. ag ól beorach

2. ag déanamh na hoibre

3. ag soláthar an bhia

4. ag ionsaí an fhir

5. ag briseadh na fuinneoige

Ceist 5 **a.** Plódaithe

Bhí na sluaite ann

Chomh maith leis

Bhí sí dílis dá muintir agus dá contae

Gliondar/Áthas ar a croí

b. *'agus a thriúr deartháir…'* ***3ú pearsa uatha firinscneach (his)***

'agus a ceathrar deirfiúr…' ***3ú pearsa uatha baininscneach (her)***

c. An Saorbhriathar

d. 1.D'ól Seán a dheoch

2. D'ith siad a ndinnéar

3. Fágadh an pláta amach.

4. Tá mo phláta folamh.

5. Chaill Máire a bréagáin.

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh, má tá am ann.

Éimear Ní Chonaola

Fáilte ar ais! Adhlacadh Eithne Kennedy, máthair an Taoisigh Enda Kennedy i gContae Mhaigh Eo inniu. D'fhreastail na mílte ar Aifreann na sochraide. Bhí sí trí bliana déag le cois na ceithre scór. Maireann cúigear clainne léi.

Ruairí Mac Con Iomaire

Bhí Séipéal na Corónach Muire Naofa i gCaisleán an Bharraigh ag cur thar maoil ar maidin agus tír agus talamh ann le slán a fhágáil le Mary Eithne Kenny, máthair an Taoisigh Enda Kenny agus a thriúr deartháir John, Henry agus Kieran agus a dheirfiúr Marie. B'as Gleann Cholm Cille i nGaeltacht Thír Chonaill Eithne agus cé go bhfuil a cuid rútaí curtha le fada i Maigh Eo aici lena fear céile, an tIar-Theachta Dála, Henry Kenny a bhuaigh[i] Craobh Peile na hÉireann go deimhin le Maigh Eo i 1936, níor thug sí a cúl riamh dá dúchas.Mil ar a croí a bhí ann go deimhin nuair a chroch na Conallaigh leo 'Sam' i 1992.

Dónall Ó Gallchóir

Bhí sí iontach bródúil as a contae, mar a fheicimid ansin ag an Aifreann nuair a tugadh suas brat Dhún na nGall. Bean a raibh modh díreach cainte aici, déarfainn gan dabht ar bith, go raibh cleachtadh aici ar an pholaitíocht agus duine inteacht[ii] …..agus creidim gur múinteoir a bhí inti chomh maith agus dá bhrí sin bean a bhí inti a raibh a barúil féin aici, bean iontach bródúil as achan[iii] rud a raibh baint aici féin nó baint ag an teaghlach nó baint ag Henry a fear céile roimhe sin leis.

Ruairí Mac Con Iomaire

Rinneadh[iv] trácht ar a cineáltas, ar an gcreideamh láidir a bhí aici, agus ar a saol fada a chaith sí i saol polaitíochta na tíre le linn an tsearmanais. Bhí Iar-uachtarán, Iar-Thaoisigh agus polaiteoirí ó chuile chineál páirtithe i measc an tslua mhóir a thionlaic Eithne, a deartháir agus a ceathrar deirfiúr anuas ar a clann agus ar a garchlann, a bhailigh i bParóiste Oileán Éadaí, áit ar cuireadh í i gcré na cille.

[i] A ghruaigh a deirtear
[ii] Canúint Thír Chonaill
[iii] Canúint Thír Chonaill
[iv] Déanadh a deirtear sa mhír